TIONSCADAL PÍOLÓTACH VAC-PACT
MUINÍN VACSAÍNE –
FEASACHT, CUMARSÁID & MUINÍN
OTHAR AGUS PROIFISIÚNACH

# Glacadh vacsaíniú & Galair Ainsealacha



Maoinithe ag
an Aontas Eorpach

# An **status quo**

- Éiríonn na mílte aosach thart timpeall an domhain tinn ó ghalair ar féidir bac a chur orthu ó vacsaíní gach bliain.
- Tá riosca níos airde ag daoine ar a bhfuil **galair ainsealacha agus fadtéarmacha**, go sonrach, aimhréidheanna a fháil ó **ghalair atá inchoiscthe le vacsaín**.

Cé go bhfuil moltaí sonracha vacsaínithe ann, tá **glacadh vacsaínithe** (glacadh le) íseal i measc othar. Is cúis imní é seo i roinnt áiteanna san Eoraip, i gcás go bhfuil an cion glactha ag laghdú le himeacht ama.

Ceann de na cúiseanna **is ea an easpa faisnéise** inrochtana **fianaise-bhunaithe** sa ghnáth-theanga maidir le tairbhí agus rioscaí an vacsaínithe, **ábharthacht na faisnéise** a chuirtear ar fáil dá stádas sláinte, agus maidir leis an méid a chuireann an fhaisnéis agus an t-idirphlé lena mbaineann ar a gcumas **cinneadh eolasach** a dhéanamh maidir le vacsaíniú.

## CINNTEOIREACHT ROINNTE



Faisnéis + Moltaí

Luachanna pearsanta + Roghanna

# **Drogall roimh an** vacsaíniú



- **Is ea drogall roimh an vacsaín moill ar ghlacadh**, nó **diúltú vacsaíní** in ainneoin go bhfuil seirbhísí vacsaínithe ar fáil. Tá sé casta agus sainiúil don chomhthéacs, athraíonn sé thar am, áit agus vacsaíní.

# Drogall roimh an **vacsaíniú** ...ar leanúint

- De réir Ghrúpa Oibre SAGE na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), tá tionchar ag samhail éasca le tuiscint ar a bhfuil 3 phríomhghné ar dhrogall roimh an vacsaín:

Bogás

Tarlaíonn bogás nuair **a bhíonn na rioscaí a bhraitear a bhaineann le galair atá inchoiscthe le vacsaín íseal**, agus nuair a mheastar nach bhfuil vacsaíniú de dhíth. Tá tionchar ag go leor tosca air sin, lena n-áirítear freagrachtaí saoil agus/nó sláinte eile a d'fhéadfadh a bheith níos tábhachtaí ag an am.

Áisiúlacht

Is toisc shuntasach í an áisiúlacht nuair a bhíonn tionchar ag **infhaighteacht fhisiciúil**, **inacmhainneacht**, agus toilteanas íoc, **inrochtaineacht gheografach**, litearthacht teanga agus sláinte, agus **mealltach seirbhísí imdhíonta** ar ghlacadh vacsaínithe.

Muinín

Sainmhínítear muinín mar **mhuinín in éifeachtacht agus sábháilteacht vacsaíní**, an córas a sheachadann iad.



Iniúchadh a dhéanamh ar status quo

# AN VACSAÍNITHE SAN EORAIP



- Tá an creat rialála d'údarú cógais / vacsaíní curtha ar bun ar leibhéal an AE, ach **is inniúlacht náisiúnta é beartais vacsaínithe, sceidil** agus rialacha nó moltaí dlí, agus **tá a phlean imdhíonta féin ag gach Ballstát den AE.**



- Níl **an taighde** a bhaineann le hothair a bhfuil galair ainsealacha **orthu fairsing**. Cé gur dheimhnigh go leor staidéir sábháilteacht agus éifeachtúlacht an vacsaínithe mar uirlis chun galar tógálach a chosc, is minic a thuairiscítear rátaí imdhíonta tuairiscithe níos ísle ná sa daonra i gcoitinne.

# MOLTAÍ

Iarraimid gníomh chun **rochtain na n-othar ar vacsaíniú a fheabhsú**; faisnéis tuata **fianaise-bhunaithe a sholáthar** maidir le vacsaíniú d'othair; agus rannpháirtíocht eagraíochtaí othar i múnlú polasaithe, clár agus gníomhartha maidir le vacsaíniú ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach.

**Caithfidh lucht déanta polasaí agus geallsealbhóirí eile an méid seo a leanas a chur san áireamh:**

01

**Ba cheart go soláthrófaí faisnéis láidir, bunaithe ar fhianaise**, a chuireann ar chumas daoine tairbhí agus rioscaí an vacsaínithe a thuiscint agus a chur i gcomhthéacs, dírithe ar othair a bhfuil riochtaí ainsealacha orthu.

02

**Teastaíonn eolas mionsonraithe** chun tuiscint a fháil ar na tosca a chuireann le glacadh íseal i bpo-bail shonracha othar, agus i dtíortha éagsúla, chun aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos fearr agus gníomhartha a chur in oiriúint dá réir.

03

Ba cheart do ghairmithe cúraim sláinte **gnáth-mheasúnú a ionchorprú** ar riachtanais vacsaínithe a n-othar aosach le linn gach teagmháil chliniciúil lena chinntiú go bhfaigheann othair moltaí maidir le vacsaíní riachtanacha agus go dtairgfear vacsaíní riachtanacha dóibh nó go ndéanfar iad a atreorú le haghaidh vacsaínithe.

04

**Ba cheart oiliúint a chur ar ghairmithe cúraim sláinte maidir le tábhacht an vacsaínithe** agus a bheith ullmhaithe leis na fíricí eolaíochta ábhartha chun cuidiú leo cumarsáid a dhéanamh le hothair agus caidreamh muiníne a threisiú.

05

Ba cheart d'institiúidí agus údaráis náisiúnta **comhoibrithe a thionscnamh** le heagraíochtaí othar chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais a bpobal agus chun straitéisí níos éifeachtaí a cheapadh.